



**An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta**
Department of Business,
Enterprise and Innovation

**TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL NA BLIANA 2019 ÓN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS
NUÁLAÍOCHTA I DTACA LE HALT 22 DEN ACT UM NOCHTADH COSANTA 2014.**

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí, i gcomhéir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuarascáil bhliantiúil a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar líon na nochtaithe cosanta a fuarthas le linn na bliana roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh dá bharr (más ann dó). Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Seo tuarascáil an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2019.

Ardaíodh dhá cheist nua mar Nochtadh Cosanta sa tréimshe atá cuimsithe sa tuarascáil seo. Bhain ceann acu le hábhar oibríochta laistigh den Roinn féin, agus bhain an dara ceann le comhfhreagras gan ainm chuig Aire Stát sa Roinn, agus bhain an t-ábhar le modhanna oibre lastigh d'Oifig de chuid na Roinne. Rinneadh athbhreithniú ar an dá chás de réir Polasaí Nochtadh Costanta na Roinne. Sa dá chás, deimhníodh nár tharla aon rud as bealach agus nach raibh ar aon Roinn tabhairt faoi aon ghníomh breise. Sa chéad chás, cuireadh toradh an cháis in iúl don té a chur an Roinn ar an eolas faoin scéal.

Le linn 2018, tugadh réiteach ar cheist a d'ardaigh fostaí de chuid na Roinne agus a cuid Oifigí sa bhliain 2017, agus tugadh an méid seo le fios don té a d'ardaigh an cheist. Bhí an cheist seo luaite mar 'faoi athbhreithniú' ag deireadh 2017. Bhí sé de cheart tagairt a dhéanamh de seo i dTuarascáil Bhliantiúil 2018.